
# Gaeltacht Mhúscraí

## Nuachtitir
## Iúil 2025





**SAMHRADH, SAMHRADH, BAINNE NA NGAMHNA,
THUGAMAR FÉIN AN SAMHRADH LINN.
SAMHRADH BUÍ NA NÓINÍN GLÉGEAL,
THUGAMAR FÉIN AN SAMHRADH LINN.**

Comharchumann Forbartha Mhúscraí | Údarás na Gaeltachta | gteic @Béal Átha an Ghaorthaidh | Plean Teanga Mhúscraí | Grá Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Plean Teanga Mhúscraí

Iúil
Campa A 14-18
Campa B 21-25

# Campa CHÚIL AODHA


Campa A- Aois 6-12
09.30-14.30
Campa B- Aois 6-12
09.30-14.30



- ✓ Ealaín
- ✓ Spórt
- ✓ Ceol
- ✓ Spraoi agus cluichí

## Teagmháil

Billy Ó hÉalaithe-
(085) 7407091




## Praghas

| | |
|---|---|
| Páiste amháin | → €60 |
| Beirt pháistí | → €100 |
| Triúr páistí + | → €130 |


# BÍGÍ LINN AG SEÓ


## BAILE MHÚIRNE/CÚIL AODHA





# MINI ZÚ





# MO PHEATA





**LUCKY DIP**



**CHUN DUAIS A BHUACAINT**



**TO WIN A PRIZE**

1. Tabhair leat pictiúr nó grianghraf de do pheata chuig an Seó

2. Abair linn fé do pheata

Bring a picture or photo of your pet to the show


Tell us about your pet

# SEÓ BAILE MHÚIRNE CÚIL AODHA

20 IÚIL JULY

## TÚS MAITH LEATH NA HOIBRE

## TIPS AND TRICKS FOR COMPOSTING



# DEMO AG 1:30 & 2:00PM

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Gaeltacht Mhúscraí

**Guímíd gach rath ar**

Féile na Laoch
FESTIVAL OF HEROES

31.07 - 03.08.2025



## Féile na Laoch 2025

*- Festival of Heroes -*

Féile i gcuimhne ar Seán Ó Riada augs Laochra eile

Festival in memory of Seán Ó Riada and other Heroes

feilenalaoch.com

# Gaeltacht Mhúscraí

## OIFIGEACH TURASÓIREACHTA

Tá post mar **Oifigeach Turasóireachta**, a mhairfidh suas go **3 bliana** á thairiscint ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí.

Duine cumasach le cáilíocht ábhartha agus spéis i gcur chun cinn agus i bhforbairt cúrsaí turasóireachta i Múscraí, go háirithe turasóireacht chultúrtha agus éispéiris inbhuanaithe.

Mar chuid den ról beidh an té a cheapfar ag freastal ar chlár foghlama eagraithe ag Údarás na Gaeltachta.

Ní mór d'iarrthóirí ardchaighdeán i scríobh agus i labhairt na Gaeilge a bheith acu.

Pá scála (€35 - 39,000), ag brath ar tháithí.

Tuilleadh eolais ar: www.muscrai.org faoi 'grá mhúscraí' nó seol r'phost chuig eolas@muscrai.org




**Seoltar iarratas mar aon le CV roimh 5 i.n. ar an Luan, 11ú Lúnasa 2025**

Beidh na hagallaimh ag tosnú an tseachtain dár gcionn.

Údarás na Gaeltachta | Comharchumann Forbartha Mhúscraí | gteic

# Gaeltacht Mhúscraí



Tá go leor le déanamh i nGaeltacht Mhúscraí. Tá tuilleadh eolais faoi lóistín, bia & di, agus imeachtaí ar ár suíomh gréasáin.



## IMEACHTAÍ | WHAT'S ON

**gaeltachtmhuscrai.ie**


**MÚSCRAÍ: FORLÍONADH SPEISIALTA IN WEST FORK**

**Part of special supplement about food in West Fork**

# Ár mBia, ár mBeatha

## The Food We Live By: A Taste of Gaeltacht Mhúscraí





Gaeltacht Mhúscraí offers more than just a destination - it offers an experience for the senses and the soul. This area is steeped in rich cultural traditions, vibrant music, song, and breathtaking natural beauty. And at the heart of it all is the food: honest, soulful, and deeply connected to the land and people. "The food we live by" is more than sustenance - it's heritage, community, and celebration.

The Irish language flourishes - and so does a unique and deeply rooted food culture, and tradition meets innovation on every plate. "The food we live by" isn't just a turn of phrase - it's a way of life. The food on your plate is not just a collection of local ingredients. The cheeses, jams, beef, sausages, honey and beer all have a story that connects you to family traditions, folklore, and the pioneering spirit of the area that has attracted new Mediterranean influences. You enter this connection through the food that you eat.

The best way to experience the full range of Gaeltacht Mhúscraí's culinary gifts is to sit down to a meal. The Gougane Barra Hotel, situated in an area of outstanding beauty, celebrates local produce in every menu. The Mills Inn in Baile Mhúirne and the Abbey Hotel also celebrate local produce not just as ingredients, but as stories on a plate - stories of families, land, language, and legacy.

Among the region's proudest offerings is its exceptional cheese. Coolea Farmhouse Cheese, is a golden, creamy delight with a smooth, nutty finish. The adventurous cheesemakers, Lost Valley Dairy are now producing raw milk cheeses and Macroom Buffalo Mozzarella could not be fresher, made from water buffalo raised on a farm in the heart of the Gaeltacht. A new offering is organic lamb, reared on open pasture and heather-covered hills. This is lamb with character - raised the old way, in harmony with the land.

There is also a sweet side to Múscraí's food story! Local beekeepers produce honey - infused with the wildflowers of the region - and this is part and parcel of our heritage as our St Gobnait is the patron saint of bees. Her association with healing and protection gives this honey a sense of spiritual nourishment, in addition to its golden flavour. And as the legend goes, St Gobnait founded her monastery here because she saw nine white deer. The local craft beer makers adopting this name for their beer, once again shows the deep connection between people and place.


Preserving that goodness is the award winning maker of jams and relishes, Folláin. Now a household name, Folláin, means 'wholesome' and they have stayed true to its roots, using simple, natural ingredients in their selection of relishes, red pepper jam, and tangy marmalades.

For a savoury bite, De Róiste's sausages and puddings are hard to beat. Whether grilled for breakfast or paired with one of Folláin's relishes, these sausages are what you want in your full fry for breakfast.

And what better way to enjoy the food than to come to an event, whether it is the weekly trad music sessions or one of the local festivals, or markets. In Gaeltacht Mhúscraí, food is not just nourishment. It's heritage. It's community. It's the food we live by.

**To catch up on What's On go to gaeltachtmhuscrai.ie**

Gaeltacht Mhúscraí



Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Plean Teanga Mhúscraí

# TAR AG OBAIR LINN

## RÚNAÍ OIFIGE

Oibríonn Comharchumann Forbartha Mhúscraí i gcomhar le pobal na háite chun Gaeltacht Mhúscraí a chur chun cinn. Táimid freagrach as feidhmiú Phlean Teanga Mhúscraí, agus cláracha eile, ina measc; Gteic Bhéal Átha an Ghaorthaidh, Turasóireacht Chultúrtha, Múscraí Glas.

Táimid ag lorg Rúnaí Oifige páirtaimseartha, ag tacú leis an bPlean Teanga go háirithe.
Beidh an post lonnaithe sa Gteic i mBéal Átha an Ghaorthaidh.



**Príomhdhualgais an phoist:**

- Obair riaracháin na hoifige a bhainistiú
- Plé le fiosruithe ón bpobal
- Riaradh a dhéanamh ar scéimeanna an Phlean Teanga
- Tacaíocht a thabhairt d'fhoireann an Chomharchumainn


Seol CV / Lorg tuilleadh eolais
**eolas@muscrai.org**

**Dáta deiridh 11ú Lúnasa roimh 5pm**

Údarás na Gaeltachta

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

gteic



Plean Teanga Mhúscraí

gteic
@BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH



**SPACES SHORT-TERM & LONG-TERM**

**DEASC SEALADACH LÁN-AIMSEARTHA**







**eolas@muscrai.org**
**Tel: 083 191 5432**



Bhí teacht le chéile ag Mná Mhúscraí in An Súgán ag fíodóireacht le Cois Laoi Willow
Great meet up, making willlow with Cois Laoi Willow in An Súgán




Tá méadú ag teacht ar líon na mban atá ag tosú a ngnó féin i Múscraí. Má tá suim agat a bheith i do bhall de ghrúpa WhatsApp nó an cúrsa CUMASÚ a dhéanamh, téigh i dteagmháil linn le tuilleadh eolais a fháil:
083 191 5432.

The number of women starting their own business in Múscraí is growing. If you are interested in joining a What's App group or taking the course CUMASÚ, please contact us 083 191 5432 for further information.






Bronnadh i nGaillamh. Iúil 2025

Údarás na Gaeltachta

gteic @BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

EMPOWER Female Entrepreneurship

# MEITHEAL TEANGAN BHAILE MHÚIRNE

Cuireadh tús le meitheal teangan Bhaile Mhúirne cúpla mí ó shin anois. Agus níl'id daoimhín deirmse libh. Tá pleannanna acu cheana féin don bhliain amach romhainn. Sa chéad dul síos cuireadar tús le **Club Reatha Gaeilge**.

Seo an mana atá acu,

**"Cúpla focal le Cúpla Céim.**
**Fáilte roimh chách"**




Tá sé i gceist go mbeidh **Club Leabhar** ag tosnú go luath. Bí ag faire amach ar na meáin agus ar fógraí áitiúla




# CIORCAIL COMHRÁ I RITH AN TSAMHRAIDH

Tagaigí chun
ár gcruinnithe Gaelach gach seachtain chun comhrá a dheanamh i nGaeilg, cioca an tosaitheoir nó saineolaí sa Ghaolainn thú, beidh fáilte roimh chách chun an Ghaeilge a chleachtadh i dtimpeallacht shimplí agus cháirdiúil. Bí páirteach, caith am le daoine, agus bain sult as an gcraic! Ní gá duit ach ríomhphost a sheoladh chun Eibhlín Ní Lionáird ag
**opt@muscrai.org & Plean Teanga Mhúscraí Facebook & Instagram**

**An Ciorcal Comhrá i gCill na Martra**





**Sa siopa Leabhar 'An Gadaí Dubh'**



**Beidh fáilte is feich roimh Mhuintir Chill na Martra, Réidh na nDoirí & Bhéal Átha an Ghaorthaidh**

# Meitheal Orgánach Mhúscraí faoi lán tseoil

Meitheal Orgánach Mhúscraí



Cuireadh tús iontach le Meitheal Orgánach Mhúscraí, feirmeoirí caorach sléibhe orgánacha, le siúlóid fheirme ar fheirm Chian Uí Cheallacháin agus taispeántas bia “Ón bhfeirm go dtí an forc” leis an gcócaire Diarmuid Ó Mathúna i mBarr a Chuma ina dhiaidh sin. Go raibh maith agat Eileen Top of Coom & gach duine a thug cabhair ar an lá.



There was a great launch of Meitheal Orgánach Mhúscraí, organic hill-sheep farmers, with a farm walk on Cian Ó Ceallagháin's farm followed by a Farm to Fork food demonstration by chef Diarmuid Ó Mathúna at Barr a Chuma.  Big thanks to Eileen &Tim at the Top of Coom and all who helped out on the day

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Organics

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture Food and the Marine

Meitheal Orgánach Mhúscraí

# TAIGHDE
# RESEARCH PROJECT



Ag ullmhú na talún le hathéinseamh – barraí beatha orgánacha do chaoirigh

Preparing the ground for reseeding  organic forage crops.



Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Organics

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture Food and the Marine


# An Cincís 2025

Filíocht agus féile,
aifreann agus céilí, Rinnceamar le
chéile ag ceiliúradh An Chincís
Tháinig Easpag agus sagairt
chughainn,
Maimís , daidí agus páistí chughainn,
chun an margadh agus is na
paidreacha is fiú chun luascadh ar
báid lúascáin.
Thanadar ins na sluaite chughainn is
chonnigh siad ár n'oidhrecht buan,
Is anois táimíd bródúil as ár
dtraidisiúin anseo i nGaeltacht
Mhúscraí




Plean Teanga Mhúscraí






**Chun tús a chur le Féile na Cincíse bhí teacht le chéile ag Dáimh Scoil Mhúscraí i mBaile Mhúirne chun comóradh a dhéanamh ar an gcéad bliain ó bunaíodh é i 1925.**

Bhí an ocáid ag tabhairt aitheantais d'fhilí na Dáimhe – ina measc Domhnall Ó Mullain a scrígh An Poc Ar Buille, an dán nó an amhrán is mó clú a tháinig ón gceantar.

Bhí gar-mhac agus gar iníon Dhomhnaill, **Colmán agus Deirdre Ní Cheallaigh** ann agus dúradar píosaí leis agus lena máthair – iníon Dhomhnaill – Siobhán Uí Cheallaigh, b'fhile le dealramh ise freisin. Rinne **Julia May Ní Cheallaigh**, gar iníon le Siobhán, aithris álainn ar Naomh Gobnait, an dán a chum a seanmathair. Bhí muintir Cheallaigh ann ó Bhaile Mhúine – **Micí agus Peigí,** a raibh a h-athair Proinsias i measc na bhfilí breatha a raibh ag cumadh don Dáimh Scoil i gcaitheamh na mblianta. Tháinig **Máire Bn Mhic Gearailt**, iníon leis an Suibhneach Meann, agus d'aithris sise dán a chum a h-athair. Bhí **Seán Óg Ó Duinnín** ann ag aithris an dán a chum a athair siúd, An Taibhreamh, agus chan **Máire Ní Chéilleachair** 'Abha an tSuláin', dán Gael na nGael – Pádraig Ó Cruadhlaoich. Rinne **Gobnait Ní Chruadhlaoich** aithris ar phíosa a chum Dómhnall Ó Ceocháin, a seanathair . Agus tugadh chun cuimhne Dónal agus Peadar Ó Liatháin le píosaí a chum siad agus a rinneas **mé fein agus Bríd Ní Liatháin** aithris orthu.

**Concubhar Ó Liatháin, Cléireach na Dáimhe**

**AG CÉILIÚRADH 100 BLIAIN** **CELEBRATING 100 YEARS.**

# Dáimh Scoil Mhúscraí

















Dáimh Scoil
Mhúscraí
Uí Fhloinn

Tháinig pobal Bhaile Mhúirne is Múscraí amach go láidir chun tacú le athbheochana dhéanamh ar Féile ársa Na Cincíse i mbliana. Bhí an fhéile seo imithe i léig le roinnt blianta. Pé scéal é b’é an An Cincís lá mór patrún a bhí ann fadó ina bhailíodh na sluaite aran mbaile chun onóir a thabhairt dó Naomh Gobnait agus a scíth a ligin leis na ‘Hurdy Gurdies’ a bhíodh sa sáid bhaile ar feadh an lae. Bhuel bhíodar ar ais i mbliana nuair a tháinig na ‘Báid luascadh/na swingboats go clós scoile Naomh Abán. Is ann a bhí an spraoi ag leanaí na dúchaí agus go leor daoine fásta freisin.


Aillilliú, puillilliú! Tá an Chincís tar éis aiséirí i mBaile Mhúirne

Thug an deireadh seachtaine seo an oiread sin cuimhní cinn do éinne a bhí i láthair. Táimíd anois ag súil go bhfásfaidh agus go leanfaidh an fhéile seo ar aghaidh gach bliain as seo amach.

SEE: FEILE NA CÍNCISE

# An Cincís 2025















## Tuismitheoirí na Gaeltachta &
## Plean Teanga Mhúscraí




Bhí ócáid gleoite spraoiúil againn anseo i Múscraí nuair a tháinig An Cinema Gaelach chun an Ionad Chultúrtha do Óg is Aosta leis an scannán spóirtiúil **Shrek.** Caithfidh mé a rá go bhaineas fein ana thaithneamh as chomh maith leis na leanaí a bhí mór thimpeall orm.














## Ócáid Mhúscraí le TnaG agus Plean Teanga Mhúscraí




## Logo Nua Plean Teanga Mhúscraí

Plean
Teanga
Mhúscraí

# BIOBLITZ, SEACHTAIN NA BITHÉAGSÚLACHTA



Comhghairdeachas le Louis Ó Suilleabháin, Maor le NPWS a shocrú BioBlitz le linn Sheachtain na Bithéagsúlachta i mBaile Bhuirne. Cuimsíonn an t-imeacht gníomhaíochtaí oideachasúla do pháistí scoile, siúlóid tráthnóna faoi ialtóga le caint agus siúlóid faoi stiúir Conor Kelleher, agus clár iomlán imeachtaí Dé hAoine lena n-áirítear ceol na maidine luaithe, gaistí le haghaidh leamhain, siúlóid phlandaí coille, seisiún feithidí, agus siúlóid trí Ghaeilge sa choill. Bhí sé mar aidhm ag an mBioBlitz bithéagsúlacht na coille a thaifeadadh agus a cheiliúradh.







# FÓGRAÍ

**Seisiúin snámh, cúrsaí snáimh, srl**
**Info on sessions, swim week, etc.**
**Facebook:**
**Linn Snámha Chúil Aodha**









Gaeltacht Mhúscraí

# MÚSCRAÍ
# FAOIN SPÉIR

Gaeltacht Mhúscraí

**12-14ú Meán Fómhair 2025**

| Siúlóidí treoirithe | Guided walks |
| Torcaíocht táisce | Treasure hunt |
| Bealoideas | Folklore |
| Scéalaíocht | Storytelling |
| Amhránaíocht | Singing |

Picnic

Barbecue

Foraging

**Tuilleadh eolais**
**gaeltachtmhuscai.ie**

**More info will be available on**
**gaeltachtmhuscai.ie**

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Grá Mhúscraí

Bealtaine 2025

# COLÁISTE NA MUMHAN




**Coiste Forbartha Bhéal Átha n' Ghaorthaidh**

Cruinniú agóide i gcoinne Choláiste na Mumhan

D'fhreastal suas le 400 duine ar an gcruinniú agus léiriodh feairge i leith easpa cumas Chomhaltas Choláiste na Mumhan an coláiste a reáchtáil i gceart


Bailíodh 318 síniú ar an oíche.
Is mór an mhéid é






Coiste Forbartha Béal Átha an Ghaorthaidh a d'eagraigh na h'ocáide seo

# COLÁISTE NA MUMHAN




Litir ón gComharchumann ag tacú le Coiste Forbartha Bhéal Átha






**Tá na Gael ag dul chun sráide** ar an 20ú Meán Fómhair i mBaile átha Chliath. Seasfaidh na mílte le chéile ar son **CEARTA**. Tá gearr chéim Teanga agus Gaeltacht ann. Tá an **éigandáil tithíochta** ag **bánú** ár **bpobail Ghaeltachta Ní bheidh pobal ann gan tithe ní bheidh Gaeltacht ann gan phobal**. Níl aon chothromas le fáil do mhaoiniú na teanga,  thuaidh nó theas.**Tá tearcmhaoiniú agus dínfheistíocht stairiúil in ár dteanga ag bagairt ár dtodhchaí**.  Tá an Ghaeilge inár gcoras oideachais i gcruchás. **Níl fís,polasaí nó ullmhian** ann, le héispéireas agus toradh sásúil a chinntiú  do gach dalta atá ag foghlaim an teanga. Ní bhíonn ár nGaelscoileanna iontach mar thosaíocht riamh, Níl an deis ag gach dalta gur mian leo freastal ar Ghaelscoil nó Ghaelcholáiste in ann sin a dhéanamh. Níl ár gcearta teanga a gealladh duinn arís is arís eile , i bhfeidhm fós. Tá cearta bunúsacha thuaidh agus theasfós gan réiteach, blianta tar éis iad a ghealladh.**Sé seo mór- sheasamh ár linne**. **Tá sé in am duinn troid ar ais. Siúlaimís le chéile ar son ár dteanga! An mbeidh tú linn??**

# Lá Abhchóideachta na nGael




An Seanadóir Nicole Ní Rian SF agus Bainisteoir Abhcóideachta  le Conradh Na Gaeilge Róisín Ní Chinnéide agus mé féin Eibhlín Ní Lionáird OPT Mhúscraí




An Teachta Dála Pádraigh ó Suilleabháin FF, Róisín Ní Chinnéide, Sadhbh Ní Mhéaolóid ó Oileán Chléire is mé fein.

Bhí  Lá Abhcóideachta na nGael , SEAS, ar siúl imbliana ar an 25ú Meitheamh in Óstan Buswells, Baile Átha Chliath.
Is é lá stocaireachta é SEAS, a reachtáil go bliantiuil ag Conradh na Gaeilge agus chun na Gaeltachta agus a gcuid riachtanais a chur ós comhair na bpolateoirí idir Teachtaí Dála Seanadóirí agus MLA's.
Bhí seans agam féin bualadh leis an Teachta Dála Padraig Ó Suilleabháin, agus na Seanadóiri Nicole Ní Rian agus Laura Harmon. Thug sé an seans dom ceisteanna maoinithe , polasaithe agus tacaíochta don teanga a phlé ar bhonn áitiúil agus náisiúnta.
Gan amhras tá sé tabhtacht é a chur iniúl dós na polateoirí seo , gur pobal ar imeall sinne anseo sa Ghaeltacht agus gur tabhtacht ná riamh é go gcloisfear guth na Gaeltachta mar go bhfuil todhchaí na Gaeilge i mbaol mura dtagaimíd ar réiteach ar an géarchéim seo..inmharantacht na teanga

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta

Gaeltacht Mhúscraí

# Scéim Soisialta Tuaithe

An bhfuil tréaduimhir agat?

An bhfuil tú ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh?

Do you have a herd number?

Are you receiving social welfare payments?



Would you be interested in working part-time ? If you are not interested, it is possible for a near relative to take your place. on the scheme.

Baile Mhúirne/
Baile Mhic Íre
Cúil Aodha
Réidh na nDoirí
Cill na Martra
Béal Átha an Ghaorthaidh

An bhfuil suim agat bheith ar scéim páirt-aimseartha ? Mura bhfuil suim agat féin, is féidir le daoine atá gaolta leat teacht ar an scéim i d'áit.

Déan Téagmháil le:

**Cian Ó Ceallacháin**

**087 1653765**

# IONAD LAE, BAILE MHÚIRNE
# & CUAN BARRA,
# BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

## Ionad Lae



- Do you know that Ionad Lae is open for Lunch and activities afterwards on Wednesdays and Fridays each week?
- Would you like to come to Ionad Lae for your lunch and activities?
- Would you like to travel on our free bus service to Ionad Lae?
- Our bus driver can stop at the Post Office, shop or chemist on the way home to collect your pension, shopping or anything you may need.

For more information phone us on

026-45559.



- An bhfuil a fhios agat go mbíonn Ionad Lae oscailte don lón agus imeachtaí ar an gCéadaoin agus ar an Aoine gach seachtain?
- Ar mhaith leat teacht go dtí an Ionad Lae le haghaidh do lón agus gníomhaíochtaí?
- Ar mhaith leat taisteal ar ár seirbhís bus saor in aisce go dtí Ionad Lae?
- Féadfaidh ár dtiománaí bus stopadh ag Oifig an Phoist, an siopa nó ag poitigéir ar an mbealach abhaile chun do phinsean, do shiopadóireacht nó aon rud a d'fhéadfadh a bheith uait a bhailiú.

Le haghaidh tuilleadh eolais cuir glaoch orainn ar

026 45559

## Cuan Barra



Bíonn dinnéar gach Luan agus Aoine (seachas saoire bainc) agus béilí ar rothaí chomh maith.

Dinners ar available every Monday and Friday (except bank hols). They also provide meals on wheels

Déan teagmháil leo ar: 026 47777

Comharchumann Forbartha
# Mhúscraí

Tá an nuachtlitir curtha le chéile ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí.
'Sé an aidhm atá againn ná blaiseadh a thabhairt ar chuid den obair atá déanta, agus ar siúl, i nGaeltacht Mhúscraí.

Comharchumann Forbartha Mhúscraí prepar
newsletter. The aim is to provide a sample of
of the great work that is going on, and pla
within Gaeltacht Mhúscraí .


Comharchumann Forbartha Mhúscraí & GTeic
Gteic, Páirc Ghnó Bhéal Átha an Ghaorthaidh
Maighchromtha, Co. Chorcaí P12 PX22

083 191 5432
eolas@muscrai.org
www.muscrai.org


ComharchumannMhuscrai

Gteic Béal Átha 'n Ghaorthaidh

Plean Teanga Múscraí

Gaeltacht Mhúscraí

Plean Teanga Mhúscraí

Grá Mhúscraí

Gaeltacht Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta

gteic @BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

PURE CORK

Comhairle Contae Chorcaí Cork County Council